Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

# CEANTAR BARDASACH DHÚN GARBHÁN / LEASA MÓIRE FODHLÍTHE UM RIALÚ PÁIRCEÁLA, 2023

# CEANTAR BARDASACH DHÚN GARBHÁN / LEASA MÓIRE

## FODHLÍTHE UM RIALÚ PÁIRCEÁLA, 2023

### RIAR NA bhFODHLÍTHE


**CUID I** ..... 3
**RÉAMHRÁITEACH** ..... 3
Gearrtheideal/Comhlua ..... 3
Tosach Feidhme ..... 3
Limistéar lena mBaineann ..... 3
Cúlghairm ..... 3
Léiriú ..... 3
**CUID II** ..... 9
**PÁ-PHÁIRCEÁIL GHINEARÁLTA** ..... 9
Coinníollacha a bhaineann le páirceáil in ionad pá-pháirceála ..... 9
Cumhacht chun Táillí Páirceála a Athrú ..... 11
**CUID III** ..... 12
**PÁIRCEÁIL ÍOC AGUS TAISPEÁIN** ..... 12
Oibleagáid Ticéad Páirceála bailí íoc agus taispeáin a thaispeáint ..... 12
Tréimhse páirceála in áit a n-úsáidtear ticéad páirceála Páirceáil íoc agus taispeáin ..... 12
Modh agus tráth íocaíochta tháille pháirceála ..... 12
Cur isteach ..... 13
Táille le haghaidh Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin ..... 14
**CUID IV** ..... 14
**PÁIRCEÁIL ÍOC AR AN bhFÓN** ..... 14
Táille Páirceála a Íoc ar an bhFón nó ar shlí eile ..... 14
Modh agus tráth íocaíochta tháille pháirceála ..... 14
Táille le haghaidh Ticéad Páirceála Íoc ar an bhFón ..... 15
**CUID V** ..... 15
**CEAD PÁIRCEÁLA DO CHÓNAITHEOIRÍ** ..... 15
Neamhfheidhmiú Fodhlíthe áirithe i ndáil le Ceadanna Páirceála Cónaitheoirí ..... 15
Cruthúnas ar áit chónaithe agus ar úinéireacht ..... 15
Sonraí Cead Páirceála Cónaitheora ..... 15
Cead feithicil a pháirceáil ar a bhfuil Cead Páirceála Cónaitheora á thaispeáint ..... 16
Cead Páirceála Cónaitheora bailí a thaispeáint ..... 16
Eisiúint agus táille le haghaidh Cead Páirceála Cónaitheora ..... 16
Cur Isteach ar Chead Páirceála Cónaitheora ..... 17
Cead Páirceála Cónaitheora a thabhairt ar ais agus a aistriú ..... 17
Cead Páirceála Cónaitheora neamhbhailí a thaispeáint ..... 17
**CUID VI** ..... 15
**CEAD PÁIRCEÁLA DO CHÚRAMÓIRÍ** ..... 15
Neamhfheidhmiú Fodhlíthe áirithe i ndáil le Ceadanna Páirceála Cúramóra ..... 15
Critéir cháilitheacha do Chead Páirceála Cúramóra ..... 18
Sonraí Cead Páirceála Cúramóra ..... 15
Cead feithicil a pháirceáil ar a bhfuil Cead Páirceála Cúramóra á thaispeáint ..... 16
Cead Páirceála Cúramóra bailí a thaispeáint ..... 16
Cead Páirceála Cúramóra a eisiúint ..... 16
Cur Isteach ar Chead Páirceála Cúramóra ..... 17
Cead Páirceála Cúramóra a thabhairt ar ais agus a aistriú ..... 17
Cion ..... 19
**CUID VII** ..... 15
**CEAD PÁIRCEÁLA DO CHUAIRTEOIRÍ** ..... 15
Neamhfheidhmiú Fodhlíthe áirithe i ndáil le Ceadanna Páirceála Cuairteora ..... 15
Critéir cháilitheacha do Chead Páirceála Cuairteora ..... 20

Sonraí Cead Páirceála Cuairteora ........ 20
Cead feithicil a pháirceáil ar a bhfuil Cead Páirceála Cuairteora á thaispeáint ........ 20
Cead Páirceála Cuairteora bailí a thaispeáint ........ 20
Cead Páirceála Cuairteora a eisiúint ........ 20
Cur Isteach ar Chead Páirceála Cuairteora ........ 21
Cead Páirceála Cuairteora a thabhairt ar ais agus a aistriú ........ 21
Cion ........ 21
**CUID VIII ........ 21**
**ILGHNÉITHEACH ........ .21**
**Cuas páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ........ 21**
Ceadanna Eile ........ 21
Iniúchadh Ceadanna ........ 22
Neamhfheidhmiú fodhlíthe i ndáil le feithiclí áirithe ........ 22
Leanúnachas Fodhlíthe agus Forálacha Idirthréimhseacha aisghairthe ........ 23
**SCEIDEAL 1 ........ 25**
**SCEIDEAL 2 ........ 26**
**SCEIDEAL 3 ........ 26**

## CEANTAR BARDASACH DHÚN GARBHÁN / LEASA MÓIRE FODHLÍTHE (UM RIALÚ PÁIRCEÁLA), 2023

Déanann Ceantar Bardasach Dhún Garbhán / Leasa Móire (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo ina dhiaidh seo), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó le hAlt 131A de na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014, Alt 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Uimhir 7 de 1994) arna leasú agus ag Alt 101 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimhir 24 de 1961) arna leasú, agus i ndiaidh dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, na fodhlíthe seo a leanas anseo.

### CUID I
### RÉAMHRÁITEACH

**Gearrtheideal/Comhlua** **1.** Féadfar Fodhlíthe um Rialú Páirceála Cheantar Bardasach Dhún Garbhán agus na Leasa Móire, 2023 a ghairm de na fodhlíthe seo.

**Tosach Feidhme** **2.** Tosóidh na fodhlíthe seo ar an 17ú lá de mhí Lúnasa, 2023.

**Limistéar lena mBaineann** **3.** Tá feidhm ag na fodhlíthe seo le Ceantar Bardasach Dhún Garbhán / Leasa Móire

**Cúlghairm** **4.** Faoi réir Fhodhlí 47, aisghairtear leis seo na fodhlíthe seo a leanas.

a. Fodhlíthe Chomhairle Baile Dhún Garbhán um Ionaid Pháirceála, 1999 (arna leasú)
b. Fodhlíthe Chomhairle Baile Dhún Garbhán um Carrchlóis, 1998 (arna leasú)
c. Fodhlíthe Cheantar Bardasach Dhún Garbhán/Leasa Móire (Rialú Páirceála), 2015
d. Fodhlíthe Cheantar Bardasach Dhún Garbhán/Leasa Móire (Rialú Páirceála), 2018

**Léiriú** **5.** Sna fodhlíthe seo:

Ciallaíonn *'Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre'* na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 - 2014

Ciallaíonn *"Rialacháin 1997"* na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Páirceáil), 1997 (I.R. Uimhir 182 de 1997), arna leasú.

I.R. Uimhir 325/2014 Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Páirceáil) (Clubanna Roinnte Carranna agus Feithiclí Leictreacha), 2014.

Ciallaíonn *"Na Rialacháin Comharthaí, 1997"* na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Comharthaí), 1997 (I.R. Uimhir 181 de 1997), arna leasú.

Ciallaíonn "*fianaise inghlactha*" an méid seo a leanas:

(1) Teastas árachais reatha lena dheimhnítear go bhfuil an fheithicil á coimeád de ghnáth ag an gcónaitheoir ag seoladh an chónaitheora in ionad páirceála an chónaitheora a mbeidh an cead luaite léi agus

(2)

a. Teastas ceadúnaithe feithicle nó leabhar cláraithe feithicle lena ndeimhnítear gur é an cónaitheoir a bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici ar chead páirceála cónaitheora úinéir cláraithe na feithicle a bhfuil iarratas ar chead páirceála cónaitheora á dhéanamh lena haghaidh agus go bhfuil an fheithicil cláraithe ag seoladh an chónaitheora in ionad páirceála an chónaitheora a mbeidh an cead luaite léi nó

b. Sa chás nach é an t-iarrthóir úinéir cláraithe na feithicle a bhfuil iarratas á dhéanamh le haghaidh cead páirceála cónaitheora lena haghaidh, an teastas ceadúnaithe feithicle nó leabhar cláraithe na feithicle, fianaise dhoiciméadach shásúil ón úinéir cláraithe go bhfuil an fheithicil á coimeád de ghnáth ag an iarrthóir ag seoladh an iarrthóra in ionad páirceála an chónaitheora a mbeidh an cead luaite léi agus fianaise ó na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil feithicil atá faoi úinéireacht an úinéara chláraithe á coimeád de ghnáth ag an iarrthóir agus

c. Ceadúnas tiomána nó ceadúnas sealadach in ainm an chónaitheora a bhfuil iarratas a dhéanamh aige/aici ar an gcead páirceála cónaitheora agus

d. Billí fóntais, ráitis bhainc nó doiciméid eile, a nglacann an Chomhairle leo, ar a bhfuil ainm an iarrthóra ag a s(h)eoladh san ionad páirceála cónaitheora a mbeidh an cead páirceála cónaitheora luaite léi agus

e. Comhaontú tionóntachta nó cruthúnas ar úinéireacht na réadmhaoine cónaithe.

f. Aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a lorg

Ciallaíonn "*Sráid Chóngarach*" sráid atá cóngarach do nó gar don tsráid atá i gceist.

Ciallaíonn *"Gníomhaire na Comhairle"* aon duine atá fostaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ag aon duine eile atá údaraithe ag an gComhairle chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na fodhlíthe seo.

Ciallaíonn *"táille páirceála iomchuí"* an táille, a fhorordófar sna Fodhlíthe seo, le haghaidh aon áit phá-pháirceála ina bhfuil an fheithicil páirceáilte;

Ciallaíonn *'meaisín ticéad íoc agus taispeáin iomchuí'* meaisín ticéad íoc agus taispeáin páirceála atá lonnaithe ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ina bhfuil an fheithicil páirceáilte nó áit a dtugtar eolas ina leith ar chomhartha eolais, ar bhóthar poiblí tadhlach;

Ciallaíonn *"Duine Údaraithe"* an bhrí a shanntar dó le hAlt 103 (8) (a cuireadh isteach le hAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1968) (Uimhir 25 de 1968) d'Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

Ciallaíonn *'limistéar idirghabhála'* limistéar idir dhá chuas pá-pháirceála;

Ciallaíonn *"Cúramóir" duine atá ag soláthar cúraim do chónaitheoir a dteastaíonn cúram laethúil leanúnach uaidh/uaithi mar gheall ar thinneas ainsealach;*

*Ciallaíonn "Cead Páirceála Cúramóra" doiciméad atá eisithe ag an gComhairle a chomhlíonann cuspóir fodhlí 25 go 33 agus ina gcuimsítear sonraí atá sonraithe i bhFodhlí 27 de na fodhlíthe seo ;*

Ciallaíonn *"carrchlós"* limistéar ina bhfuil áiteanna pá-pháirceála ainmnithe go speisialta le haghaidh páirceála ina bhfuil leas dlíthiúil, dílseánaigh nó cothromais ag an gComhairle;

Ciallaíonn *"Comhairle"* Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge;

Ciallaíonn "*Cead Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas*" cead eisithe faoi Airteagal 43 de Rialacháin 1997 (arna leasú).

*Ciallaíonn "Feithicil Leictreach" an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta (arna leasú);*

Ciallaíonn "Cuas Athluchtaithe Feithiclí Leictreacha" an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta (arna leasú);

Ciallaíonn *"Feithicil Earraí"* feithicil a úsáidtear go heisiach chun earraí nó ualach a iompar i rith trádála agus gnó agus cáin arna híoc mar fheithicil earraí;

Ciallaíonn *"Saoire"* aon lá ar saoire phoiblí é chun críche an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimhir 20 de 1997).

Ciallaíonn *"Plláta Faisnéise"* pláta atá i dteannta le comhartha tráchta ar a dtaispeánfar an tréimhse (lena n-áirítear na laethanta agus na huaireanta) lena mbaineann an liúntas, srian nó toirmeasc arna léiriú ag comhartha tráchta dá leithéid.

Ciallaíonn *"Bá Lódála"* an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 de na Rialacháin Náisiúnta arna leasú.

Ciallaíonn *"Íocaíocht Fóin Phóca"* íocaíocht a dhéantar ar fhón póca is féidir a úsáid chun íoc as earraí agus seirbhísí, bíodh sé trí chreidmheas, dochar díreach nó cuntas shealbhóir an fhóin phóca a mhuirearú.

Ciallaíonn *"uaireanta oibre"* na tréimhsí oibre atá sonraithe ar an meaisín ticéad íoc agus taispeáin iomchuí nó ar an bpláta faisnéise iomchuí;

Ciallaíonn *"úinéir"* cónaitheoir a bhfuil an fheithicil á coimeád agus á húsáid aige/aici de ghnáth;

Ciallaíonn *"páirceáil"*, i ndáil le feithicil, an fheithicil a choimeád nó a fhágáil ina stad.

Ciallaíonn *"Táille Páirceála"* táille atá iníoctha de réir na bhfodhlíthe seo chun feithicil a pháirceáil.

Ciallaíonn *"ticéad páirceála íoc agus taispeáin"* ticéad páirceála a eisíonn an Chomhairle trí mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin agus ar a bhfuil na sonraí seo a leanas:-

(a) an táille a íocadh i ndáil leis an ticéad,
(b) dáta agus am eisiúna an ticéid.
(c) am éaga an ticéid
(d) suíomh eisiúna an ticéid

Ciallaíonn *'ticéad páirceála íoc agus taispeáin'* meaisín atá in ann ticéad páirceála íoc agus taispeáin a sholáthar go huathoibríoch nuair a chuirtear an táille páirceála cuí a

fhorordaítear leis na Fodhlíthe seo isteach sa mheaisín;

Ciallaíonn "*cuas pá-pháirceála*" áit, spás nó cuas chun feithicil a pháirceáil i gceantar pá-pháirceála ar bhóthar poiblí nó ar charrchlós atá beartaithe chun feithiclí inneallghluaiste a pháirceáil iontu agus a bhforáiltear do chomhartha tráchta uimhir RUS 018 agus aon cheann de na marcálacha bóthair RRM 011, RRM 012, RRM 013 nó RRM 014 de na Rialacháin Comharthaí;

Ciallaíonn "*Ionad Páirceála Ticéad Íoc agus Taispeáin*" ionad ar bhóthar poiblí ina bhfuil páirceáil feithicle faoi réir doiciméad a thaispeáint de réir na bhfodhlíthe seo.

Ciallaíonn "*Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin*" ticéad páirceála a eisíonn an Chomhairle trí mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin agus ar a bhfuil na sonraí seo a leanas:

(a) na focail Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge,
(b) an táille a íocadh i ndáil leis an ticéad,
(c) dáta eisiúna an ticéid,
(d) am éaga an ticéid.

Ciallaíonn "*Meaisín Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin*" meaisín atá in ann ticéad páirceála íoc agus taispeáin a sholáthar go huathoibríoch nuair a chuirtear an táille chuí a fhorordaítear leis na fodhlíthe seo isteach sa mheaisín.

Ciallaíonn "*Íoc le hoibritheoir fóin*" oibritheoir atá údaraithe ag an gcomhairle chun glacadh le híocaíocht le haghaidh táille páirceála, trí ghlao fóin, téacsteachtaireacht SMS, Aip fóin phóca nó trí mhodh éigin eile.

Ciallaíonn "*Ionad Pá-Pháirceála*" limistéar ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós poiblí de réir Sceideal 2 áit a léiríonn comhartha nó comharthaí tráchta i dteannta le pláta(í) faisnéise tionlacain go gceadaítear páirceáil feithiclí faoi réir ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí a thaispeáint nó ticéad páirceála íoc trí fhón a cheannach

Ciallaíonn "*Cárta Íocaíochta*" aon chárta is féidir a úsáid chun íoc as earraí agus seirbhísí trí chreidmheas, dochar díreach nó cuntas shealbhóir an chárta a mhuirearú.

Ciallaíonn "*bóthar poiblí*" bóthar lena mbaineann ceart slí poiblí agus lena mbaineann an fhreagracht maidir le cothabháil an bhóthair phoiblí ar údarás bóithre;

Ciallaíonn "*feithicil seirbhíse poiblí*" feithicil inneallghluaiste a úsáidtear chun daoine a iompar ar luaíocht;

Ciallaíonn "*bloc árasán saintógtha*" bloc cónaithe ina bhfuil níos mó ná sé aonad;

Ciallaíonn "*cónaitheoir*" duine ar áitritheoir áitribh é/í seachas bloc árasán saintógtha, a bhfuil an Chomhairle sásta go bhfuil a g(h)nátháit chónaithe ag an áitreabh atá lonnaithe i sráid ina bhfuil ionad pá-pháirceála;

Ciallaíonn *"Cead Páirceála Cónaitheora"* doiciméad atá eisithe ag an gComhairle a chomhlíonann cuspóir Fhodhlíthe 16 go 24 de na fodhlíthe seo, agus ina gcuimsítear na sonraí atá sonraithe i bhfodhlí 18 de na fodhlíthe seo.

Ciallaíonn *'Sceideal'* doiciméad ar leithligh ar cuid de na Fodhlíthe seo é, agus ar cheart a léamh i dteannta leis na Fodhlíthe seo, ina bhfuil faisnéis maidir le táillí, muirir agus sonraíocht suíomhanna a bhaineann leis na Fodhlíthe seo a d'fhéadfadh an chomhairle a leasú ó am go ham. Ba cheart glacadh leis an leagan is déanaí, dátaithe agus ceadaithe de gach Sceideal mar an leagan is déanaí i dteannta leis na Fodhlíthe seo

Ciallaíonn *"Comhartha Tráchta"* an bhrí a shanntar dó le hAlt 95 (1) de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre.

Ciallaíonn *"Maor Tráchta"* an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 d'Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975 (Uimhir 14 de 1975) (arna leasú).

Ciallaíonn *"Boinn Bhailí"* na boinn atá léirithe ar an meaisín ticéad íoc agus taispeáin páirceála iomchuí.

Ciallaíonn *"Ticéad Íoc agus Taispeáin Bailí Páirceála"* ticéad íoc agus taispeáin páirceála nach bhfuil imithe in éag, atá bailí don ionad pá-pháirceála ina bhfuil an fheithicil páirceáilte agus atá á thaispeáint de réir na bhFodhlíthe seo

Ciallaíonn "*Ticéad Páirceáil Íoc trí Fhón Bailí*" ticéad páirceála a fuarthas ó oibritheoir íoc trí fhón

(a) sa chás gur chláraigh an duine a s(h)onraí de réir mar a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón oibritheoir íoc trí fhón
(b) tá an ticéad íoc trí fhón gníomhachtaithe ag an duine trí chumarsáid a dhéanamh leis an oibritheoir íoc trí fhón, trí théacsteachtaireacht, fón, aip fóin

phóca nó trí mhodh leictreonach eile, ar a léirítear sonraí maidir leis an ionad páirceála is mian leis/léi páirceáil ann agus an tréimhse ama ar mian leis/léi páirceáil ann agus bunaithe air sin cuirtear chun dochair cuntas an duine an táille iníoctha iomchuí agus cuirtear chun sochair an ticéad íoc trí fhón don tréimhse ama a íocadh lena haghaidh san ionad páirceála sonraithe

(c) ar choinníoll nach bhfuil an tréimhse íoctha imithe in éag.

Ciallaíonn *"Cead Páirceála Cónaitheora Bailí "* cead páirceála cónaitheora a bhaineann le sráid nó sráideanna ar leith, agus le tréimhse ama nach bhfuil imithe in éag, agus atá eisithe ag an gComhairle a bhfuil an fheithicil ar a bhfuil an cead á thaispeáint páirceáilte ina limistéir feidhme.
Ciallaíonn *"Cead Páirceála Cuairteora Bailí"* cead páirceála cuairteora a bhaineann le sráid nó sráideanna ar leith atá eisithe ag an gComhairle a bhfuil an fheithicil ar a bhfuil an cead á thaispeáint páirceáilte ina limistéir feidhme.

Ciallaíonn *"Ticéad Páirceála Fíorúil Bailí"* ticéad atá eisithe trí fhón/aip/meaisín íoc agus taispeána inar cláraíodh an pháirceáil ag tús na tréimhse páirceála trí chomhéadan fóin nó ar shlí eile le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge trí úsáid a bhaint as Aip páirceála ainmnithe nó aon mhodh eile a d'fhéadfadh an Chomhairle a sholáthar sa chás nach bhfuil gá le ticéad Íoc agus Taispeáin fisiciúil.

Ciallaíonn *"Feithicil"* feithicil inneallghluaiste mar atá sainithe in Alt 3(1) d'Acht 1961.

(a) feithicil paisinéirí ina bhfuil cóiríocht phaisinéara le haghaidh nach mó ná dáréag duine seachas an tiománaí agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici

(b) feithicil earraí nach sáraíonn a meáchan gan ualach trí thona agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici

*Ciallaíonn "Cuairteoir" duine a thugann cuairt air, a bhuaileann isteach chuig nó a fhanann leis an gcónaitheoir nó atá roghnaithe ag an gcónaitheoir chun oibreacha a dhéanamh ar an áitreabh:*

*Ciallaíonn "cead páirceála cuairteora" cead nó doiciméad, nó meascán den dá rud, ar a bhfuil marcanna nó siombailí atá in ann an bhliain, an dáta agus an t-am nuair a ghlactar leis an gcead, doiciméad nó meascán den dá rud mar chead*

*páirceála bailí inter alia na sonraí seo a leanas;*

*(a)* *na focail "Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge"*
*(b)* *na focail "Cead Páirceála Cuairteoirí"; agus*
*(c)* *ionad páirceála an chónaitheora lena mbaineann sé*

## CUID II
## PÁ-PHÁIRCEÁIL GHINEARÁLTA

**Coinníollacha a bhaineann le páirceáil in ionad pá-pháirceála**

**6.** (1) Beidh feidhm leis na forálacha seo a leanas i rith uaireanta oibre i ndáil le feithicil a pháirceáil in ionad pá-pháirceála.

(a) faoi réir mhír (8) den Fhodhlí seo, beidh feithicil atá páirceáilte in ionad pá-pháirceála i rith uaireanta oibre, sa chás go bhfuil cuasa pá-pháirceála curtha ar fáil ag an ionad pá-pháirceála sin, páirceáilte laistigh den limistéar ina gcuimsítear cuas pá-pháirceála,

(b) ní bheidh feithicil páirceáilte i limistéar idirghabhála

(c) ní pháirceálfar feithicil a bhí páirceáilte in ionad pá-pháirceála le haghaidh na tréimhse uasta arna léiriú ar an meaisín ticéad íoc agus taispeáin páirceála iomchuí nó ar an bpláta faisnéise arís in ionad pá-pháirceála ar an mbóthar poiblí nó sa charrchlós poiblí ina bhfuil an t-ionad ticéad íoc agus taispeáin páirceála sin lonnaithe mura bhfuil uair an chloig amháin ar a laghad caite ó páirceáladh an fheithicil san ionad ticéad íoc agus taispeáint páirceála sin an uair dheireanach.

(d) Bainfear feithicil atá páirceáilte in ionad pá-pháirceála ag am nach bhfuil i rith uaireanta oibre ón ionad pá-pháirceála nuair a chuirtear tús le huaireanta oibre, mura bhfuil, ag an tráth tosaigh sin agus i rith na tréimhse páirceála fágtha, ticéad pá-pháirceála bailí á thaispeáint ar an taobh istigh den fheithicil de réir Fhodhlí 8 de na fodhlíthe seo.

(e) sa chás gur feithicil earraí páirceáilte fad is atá earraí á lódáil nó á neamhlódáil go gníomhach uaithi í feithicil atá páirceáilte in ionad pá-pháirceála i rith uaireanta oibre, ní bheidh feidhm le mír (1) d'Fhodhlí 8 go dtí go mbeidh 30 nóiméad caite i ndiaidh tús a chur leis an tréimhse páirceála,

(f) ní úsáidfear feithicil, fad is atá sí páirceáilte in ionad pá-pháirceála, chun earraí a dhíol san fheithicil nó ón bhfeithicil nó mar oifig; ná ní thairgfear ná ní thaispeánfar aon fheithicil dá leithéid chun críche díol ná fruiliú ná mar dhuais. Ní dhéanfaidh duine aon torann neamhriachtanach trí, nó i ndáil le, feithicil fad is atá sí páirceáilte in ionad pá-pháirceála, ní trí aon trealamh, feisteas nó ionstraimí atá feistithe ar nó in iompar ar an bhfeithicil nó aon callaire nó raidió atá nasctha ar shlí ar bith leis an bhfeithicil.

(2) Ní úsáidfidh aon duine carrchlós chun aon chríche seachas chun feithicil inneallghluaiste a pháirceáil.

(3) Ní stopfaidh ná ní pháirceálfaidh duine, nó ní bheidh sé/sí ina c(h)úis stop nó páirceála, i gcarrchlós, feithicil ar shlí ná i gcoinníoll ná in imthosca a bheadh mar chúis le nó ar dócha a bheadh mar chúis le dainséar do dhaoine eile a bhfuil an carrchlós in úsáid acu, nó bac a chur ar bhealach isteach nó bealach amach as an gcarrchlós, nó bac a chur ar shaorshreabhadh tráchta laistigh den charrchlós.

(4) Ní stopfaidh ná ní pháirceálfaidh duine, nó ní bheidh sé/sí ina c(h)úis stop nó páirceála, i gcarrchlós, feithicil ar shlí go gcuireann an fheithicil nó aon chuid di bac ar an mbealach isteach chuig áitribh laistigh den charrchlós, nó páirceáil ar chosán laistigh den charrchlós, nó páirceáil in áit toirmiscthe laistigh den charrchlós, nó feithicil a pháirceáil seachas feithicil earraí i mbá lódála sa charrchlós, nó gluaisrothar a pháirceáil seachas sa spás atá curtha ar fáil sa charrchlós.

(5) Ní dhéanfaidh duine feithicil a ollchóiriú nó deisiúcháin a dhéanamh ar fheithicil fada is atá sí páirceáilte i gcarrchlós seachas sa chás go bhfuil a leithéid riachtanach ionas gur féidir an fheithicil a bhaint ón gcarrchlós.

(6) Ní úsáidfear feithicil, fad is atá sí páirceáilte sa charrchlós chun earraí, ticéid nó aon seirbhís a dhíol san fheithicil nó ón bhfeithicil, nó mar oifig, ná ní thairgfear ná ní thaispeánfar aon fheithicil dá leithéid chun críche díol ná fruiliú ná mar dhuais.

(7) Ní dhéanfaidh duine aon torann neamhriachtanach trí, nó i ndáil le, feithicil fad is atá sí páirceáilte i gcarrchlós nó trí aon trealamh, feisteas nó ionstraimí

atá feistithe ar nó in iompar ar an bhfeithicil nó aon callaire nó raidió atá in nó ar an bhfeithicil, nó nasctha ar shlí ar bith leis an bhfeithicil

(8) D'ainneoin mhír (1)(a) den Fhodhlí seo, d'fhéadfadh go mbeadh feithicil atá páirceáilte i gcuas pá-pháirceála i rith uaireanta oibre ag síneadh isteach i limistéar idirghabhála in aice láimhe má choisceann fad na feithicle í a pháirceáil go hiomlán de réir mhír (1)(a) den Fhodhlí seo.

(9) Ní cheadófar feithiclí seachas Gluaisteáin Champála, Mótarcharbháin agus Veaineanna Campála a pháirceáil in ionaid pháirceála do Ghluaisteáin Champála, Mótarcharbháin agus Veaineanna Campála.

**Cumhacht chun Táillí Páirceála a Athrú**

**7.** Féadfaidh an Chomhairle, trí Ordú Feidhmiúcháin, chun cead a thabhairt tacú le gníomhaíocht tráchtála sa Chathair agus sa Chontae nó tacú le modh nó modhanna íocaíochta ar leith, táille páirceála laghdaithe shealadaigh a bhunú d'fheithiclí atá páirceáilte de réir Fhodhlí 8 agus 13 nó le haghaidh a leithéid de rátaí ag a leithéid d'amanna agus le haghaidh a leithéid de thréimhsí a d'fhéadfaí a leagan amach san Ordú Feidhmiúcháin.

## CUID III
## PÁIRCEÁIL ÍOC AGUS TAISPEÁIN

**Oibleagáid Ticéad Páirceála bailí íoc agus taispeáin a thaispeáint**

**8.** (1) Sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte in ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin i rith uaireanta oibre:

(a) taispeánfar ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí mar atá sonraithe san fhodhlí seo taobh istigh den fheithicil atá páirceáilte go dleathach in ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin ag tús na páirceála;

(b) beidh an ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí á thaispeáint taobh istigh den fheithicil ar shlí a cheadóidh don duine taobh amuigh den fheithicil an fhaisnéis ar fad atá ar an ticéad páirceála íoc agus taispeáin sin a fheiceáil go soiléir agus beidh duine dá leithéid in ann a dhéanamh amach cathain ar cuireadh tús leis an bpáirceáil trí thagairt a dhéanamh don ticéad páirceála íoc agus taispeáin.

(c) Beidh an ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí á thaispeáint de réir fho-alt (b) den fhodhlí seo fad is

atá an fheithicil páirceáilte san ionad páirceála ticéid sin.

(d) Sa chás gur feithicil earraí an fheithicil atá páirceáilte in ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin i rith uaireanta oibre, atá páirceáilte díreach chun críche earraí á lódáil nó á neamhlódáil. ní bheidh feidhm le mír (a), (b) agus (c) den fhodhlí seo go dtí go mbeidh 30 nóiméad caite i ndiaidh tús a chur leis an bpáirceáil.

**Tréimhse páirceála in áit a n-úsáidtear ticéad páirceála Páirceáil íoc agus taispeáin**

9. Ní bheidh feithicil atá páirceáilte in ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin i rith uaireanta oibre páirceáilte le haghaidh tréimhse níos faide ná an tréimhse a bhfuil íocaíocht déanta lena haghaidh arna léiriú ar an meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin iomchuí.

**Modh agus tráth íocaíochta tháille pháirceála**

10. (1) Ceannófar ticéad páirceála íoc agus taispeáin ó mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin iomchuí.

(2) Beidh an táille don ticéad páirceála íoc agus taispeáin iníoctha trí aon mheascán de bhoinn bhailí, nó, sa chás go bhfuil an tsaoráid ar fáil, trí chárta íocaíochta. Beidh eolas maidir leis an modh/na modhanna íocaíochta á léiriú ar an meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin.

(3) Déanfar íocaíocht le hairgead tirim tríd an táille iomchuí don am páirceála riachtanach a chuir isteach sa mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin agus na treoracha ar an meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin a leanúint chun ticéad páirceála pá agus taispeáin bailí a fháil.

(4) Déanfar íocaíocht trí chárta íocaíochta sa chás go bhfuil a leithéid de shaoráid ar fáil trí an gcárta íocaíochta a chuir isteach sa mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin agus na treoracha ar an meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin a leanúint chun ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí a fháil.

(5) Taispeánfar an ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí láithreach nuair a pháirceáiltear an fheithicil ar choinníoll, sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte ag am nach bhfuil i rith

uaireanta oibre, go mbeidh an ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí á thaispeáint de réir Fhodhlí 8 de na fodhlíthe seo ag tús na n-uaireanta oibre.

(6) Sa chás go bhfuil foráil déanta le haghaidh tréimhse shaor, mar phromóisean atá á reáchtáil ag an gcomhairle, cuirfidh an meaisín ticéad íoc agus taispeáin an tréimhse shaor seo leis an ticéad íoc agus taispeáin. Chun páirceáil le haghaidh tréimhse níos lú ná an tréimhse shaor, is féidir ticéad a fháil saor in aisce ón meaisín íoc agus taispeáin, ticéad nach mór a thaispeáint láithreach nuair a pháirceáiltear an fheithicil ar choinníoll, sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte ag am nach bhfuil i rith uaireanta oibre, go mbeidh an ticéad páirceála íoc agus taispeáin bailí á thaispeáint de réir Fhodhlí 8 de na fodhlíthe seo ag tús na n-uaireanta oibre.

**Cur isteach**

**11.** (a) Ní chuirfidh aon duine aon bhonn, bhall nó ábhar, seachas cárta íocaíochta nó na boinn atá sonraithe chun ticéad páirceála íoc agus taispeáin a cheannach, i meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin, ná ní chuirfidh aon duine isteach ar shlí ar bith eile ar mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin.

(b) Ní chuirfidh aon duine seachas gníomhaire de chuid na Comhairle, ball den Gharda Síochána, duine údaraithe nó maor tráchta isteach ar shlí ar bith ar chochall, comhartha nó gléas eile atá leagtha ar mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin.

(c) Ní chuirfidh aon duine isteach air, ní athróidh ná ní loitfidh duine ticéad páirceála íoc agus taispeáin, cibé acu atá nó nach bhfuil a leithéid ar taispeáint san fheithicil nó ar shlí ar bith eile

**Táille le haghaidh Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin**

**12.** Beidh an táille le haghaidh ticéad páirceála íoc agus taispeáin mar atá sonraithe i Sceideal 1 de na fodhlíthe seo.

## CUID IV

## PÁIRCEÁIL ÍOC AR AN bhFÓN

**Táille Páirceála a Íoc ar**

**13.** (1) Sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte in ionad pá-

**an bhFón nó ar shlí eile**

pháirceála i rith uaireanta oibre agus go bhfuil ticéad fíorúil íoc ar an bhfón bailí ceannaithe don fheithicil sin don suíomh sin, ní bheidh feidhm le mír (1) d'fhodhlí 6.

**Modh agus tráth íocaíochta tháille pháirceála**

**14.** (1) Ceannófar ticéad fíorúil íoc ar an bhfón ó oibritheoir íoc ar an bhfón.

(2) Beidh an táille don ticéad fíorúil íoc ar an bhfón iníoctha trí na treoracha ábhartha seo a leanas atá sonraithe ag an oibritheoir íoc ar an bhfón.

(3) Ceannófar an ticéad páirceála íoc ar an bhfón bailí láithreach nuair a pháirceáiltear an fheithicil ar choinníoll, sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte ag am nach bhfuil i rith uaireanta oibre, go mbeidh an ticéad páirceála íoc agus taispeáin fíorúil bailí á cheannach de réir fhodhlí 13 de na fodhlíthe seo ag tús na n-uaireanta oibre.

(4) Féadfaidh duine, trí thicéad fíorúil breise íoc ar an bhfón a cheannach, páirceáil le haghaidh tréimhse bhreise, san ionad pá-pháirceála céanna, ar choinníoll nach sáraíonn an tréimhse don ticéad íoc ar an bhfón fíorúil breise a ceannaíodh, le cois na tréimhse don ticéad íoc ar an bhfón fíorúil bunaidh ceannaithe don ionad pá-pháirceála céanna, an tréimhse uasta ceadaithe arna léiriú ar an meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin iomchuí nó ar an bpláta faisnéise

(5) Sa chás go bhfuil foráil déanta le haghaidh tréimhse shaor, mar phromóisean atá á reáchtáil ag an gcomhairle, cuirfidh an t-oibritheoir íoc ar an bhfón an tréimhse shaor seo leis an ticéad íoc ar an bhfón fíorúil. Chun páirceáil le haghaidh tréimhse níos lú ná an tréimhse shaor, is féidir ticéad a fháil saor in aisce ón meaisín íoc agus taispeáin, ticéad nach mór a thaispeáint láithreach nuair a pháirceáiltear an fheithicil ar choinníoll, sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte ag am nach bhfuil i rith uaireanta oibre, go mbeidh an ticéad fíorúil páirceála íoc agus taispeáin bailí á thaispeáint de réir Fhodhlí 8 de na fodhlíthe seo ag tús na n-uaireanta oibre.

**Táille le haghaidh Ticéad Páirceála Íoc ar an bhFón**

**15.** Beidh an táille le haghaidh ticéad páirceála íoc ar an bhfón fíorúil mar atá sonraithe i Sceideal 1 de na fodhlíthe seo.

## CUID V
## CEAD PÁIRCEÁLA DO CHÓNAITHEOIRÍ

**Neamhfheidhmiú Fodhlíthe áirithe i ndáil le Ceadanna Páirceála Cónaitheoirí**

**16.** Ní bheidh feidhm le Fodhlí 6 go 12 de na fodhlíthe seo i ndáil le feithicil atá páirceáilte in ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáint nó ionad dioscpháirceála má thaispeántar san fheithicil, de réir Fhodhlí 20 de na fodhlíthe seo, nuair atá sí páirceáilte, cead páirceála cónaitheora bailí a bhaineann leis an tsráid in bhfuil an t-ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin nó an t-ionad dioscpháirceála sin lonnaithe.

**Cruthúnas ar áit chónaithe agus ar úinéireacht**

**17.** Ceanglóidh an Chomhairle ar iarrthóir ar chead páirceála cónaitheora cruthúnas inghlactha ar áit chónaithe ag an seoladh sonraithe agus ar úinéireacht na feithicle lena mbaineann, nó aon doiciméad eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

**Sonraí Cead Páirceála Cónaitheora**

**18.** Beidh na sonraí seo a leanas le fáil ar chead páirceála cónaitheora:

(1) na focail Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge; agus

(2) cláruimhir agus déanamh na feithicle i ndáil lena bhfuil sé eisithe; agus,

(3) an tsráid nó sráideanna, nó carrchlós poiblí lena mbaineann sé; agus

(4) an dáta éaga.

**Cead feithicil a pháirceáil ar a bhfuil Cead Páirceála Cónaitheora á thaispeáint**

**19.** Ceadóidh taispeáint, de réir Fhodhlí 24 de na fodhlíthe seo, de chead páirceála cónaitheora bailí i ndáil lenar eisíodh an cead, d'úinéir na feithicle (nó aon duine a bhfuil an fheithicil in úsáid aige/aici le toiliú an úinéara) an fheithicil a pháirceáil gan teorainn ar feadh tréimhse ama in ionad pá-pháirceála ar shráid nó i gcarrchlós poiblí lena mbaineann an cead.

**Cead Páirceála Cónaitheora bailí a thaispeáint**

**20.** Taispeánfar cead páirceála cónaitheora bailí taobh istigh den fheithicil lenar eisíodh é, ar bhealach a chiallaíonn gur féidir na sonraí atá sonraithe ar an gcead sin a léamh go héasca ó thaobh amuigh den fheithicil.

**Eisiúint agus táille le haghaidh Cead Páirceála Cónaitheora**

**21.** (1) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cónaitheora i ndáil le páirceáil feithicle in ionad pá-pháirceála i limistéar feidhme na comhairle.

(2) Beidh an táille le haghaidh cead páirceála cónaitheora mar atá sonraithe i Sceideal 2 de na fodhlíthe seo.

(3) Maidir le cónaitheoirí i gcóiríocht ar cíos, beidh cead páirceála cónaitheora bailí le haghaidh tréimhse bliana ón dáta eisiúna, nó le haghaidh tréimhse an chomhaontaithe léasa/tionóntachta, cibé acu is lú.

(4) Maidir le cónaitheoirí ar leo an teach a bhfuil cónaí orthu ann, féadfar cead cónaitheora a eisiúint le haghaidh tréimhse de suas le dhá bhliain ón dáta eisiúna.

(5) (a) Sa chás go bhfuil coimpléasc forbartha cónaithe curtha ar fáil agus nach cuid den fhorbairt é páirceáil eas-sráide, eiseofar dhá chead páirceála cónaitheora ar a mhéid i ndáil le haon árasán nó áitreabh.

(b) Breithneofar níos mó ná dhá chead páirceála cónaitheora a eisiúint do theaghlaigh a bhfuil dhá chead páirceála cónaitheora nó níos mó acu sa chás gur dóigh leis an gComhairle go bhfuil gá lena leithéid.

(6) Sa chás go bhfuil coimpléasc forbartha cónaithe curtha ar fáil agus gur cuid den fhorbairt é páirceáil eas-sráide shuntasach, ní eiseofar cead páirceála cónaitheora.

(7) Ach amháin mar a fhoráiltear i bhfo-alt 3 agus i bhfo-alt 4 den fhodhlí seo, eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cónaitheora sa chás go bhfuil cónaí ar úinéir na feithicle ag áitreabh atá lonnaithe in áit phá-pháirceála. Eiseofar an cead páirceála cónaitheora i ndáil leis an bhfeithicil agus leis an tsráid ina bhfuil gnátháit chónaithe an úinéara agus ar shráid chóngarach nó i gcarrchlós poiblí cóngarach, de réir mar a bheidh.

(8) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cónaitheora i ndáil le:

(a) gluaisteán,

(b) veain,

(c) feithicil paisinéirí (ina bhfuil cóiríocht le haghaidh nach bhfuil níos mó ná seachtar paisinéir seachas an tiománaí).

**Cur Isteach ar Chead Páirceála Cónaitheora**

**22.** Sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte in ionad pá-pháirceála, ní chuirfidh duine isteach ar chead páirceála cónaithe atá á thaispeáint san fheithicil. Cealófar nó aistarraingeofar an cead páirceála cónaitheora mar thoradh ar mhí-úsáid cead páirceála cónaitheora.

**Cead Páirceála Cónaitheora a thabhairt ar ais agus a aistriú**

**23.** (1) Sa chás, i rith na tréimhse lena mbaineann cead páirceála cónaitheora, go bhfágann an cónaitheoir a bhfuil an cead eisithe dó/di an seoladh atá sonraithe ar an gcead nó nach é/sí úinéir na feithicle lena mbaineann an cead níos mó, tabharfaidh sé/sí an cead ar ais don Chomhairle láithreach.

(2) Sa chás, i rith na tréimhse lena mbaineann cead páirceála cónaitheora, go ndiúscraíonn an cónaitheoir a bhfuil an cead eisithe dó/di an fheithicil lena mbaineann an cead agus go gcuireann sé/sí feithicil eile in áit na feithicle a diúscraíodh, tabharfaidh sé/sí an cead ar ais don Chomhairle láithreach agus i ndiaidh táille atá sonraithe i Sceideal 2 de na fodhlíthe seo a bheith á híoc ag an gcónaitheoir, eiseoidh an Chomhairle cead nua i ndáil leis an bhfeithicil sin don chónaitheoir, agus beidh cead nua dá leithéid bailí don tréimhse sonraithe.

**Cead Páirceála Cónaitheora neamhbhailí a thaispeáint**

**24.** Is cion a bheidh ann cead páirceála cónaitheora neamhbhailí a thaispeáint.

## CUID VI
## CEAD PÁIRCEÁLA DO CHÚRAMÓIRÍ

**Neamhfheidhmiú Fodhlíthe áirithe i ndáil le Ceadanna Páirceála Cúramóra**

**25.** Ní bheidh feidhm le Fodhlí 6 go 12 de na fodhlíthe seo i ndáil le feithicil atá páirceáilte in ionad pá-páirceála má thaispeántar san fheithicil, de réir Fhodhlí 29 de na fodhlíthe seo, nuair atá an fheithicil páirceáilte, cead páirceála cúramóra bailí a bhaineann leis an tsráid in bhfuil an t-ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin sin lonnaithe.

**Critéir cháilitheacha do Chead Páirceála Cúramóra**

**26.** (1) Féadfaidh an Chomhairle cead páirceála cúramóra a eisiúint le húsáid ag cúramóir cónaitheora a bhfuil a g(h)nátháit chónaithe lonnaithe in ionad pá-pháirceála agus óna dteastaíonn cúram leanúnach laethúil do thinneas ainsealach.

(2) Eiseofar cead páirceála cúramóra go bliantúil do chónaitheoir cáilithe faoi réir chruthúnas ar chónaitheacht agus deimhniú i scríbhinn ó dhochtúir an chónaitheora go dteastaíonn cúram laethúil leanúnach ón gcónaitheoir do thinneas ainsealach.

**Sonraí Cead Páirceála Cúramóra**

**27.** Beidh na sonraí seo a leanas le fáil ar chead páirceála cúramóra:

(1) na focail Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge; agus

(2) an tsráid nó sráideanna lena mbaineann sé; agus

(3) an dáta éaga; agus

(4) síniú Fostaí Údaraithe.

**Cead feithicil a pháirceáil ar a bhfuil Cead Páirceála Cúramóra á thaispeáint**

**28.** Ceadóidh an taispeáint de réir fhodhlí 29 de na fodhlíthe seo, de chead páirceála cúramóra bailí i bhfeithicil atá páirceáilte in ionad pá-pháirceála, fad is atá cúram á chur ar fáil don chónaitheoir a bhfuil an cead páirceála cónaithe deonaithe dó/di, do chúramóir a f(h)eithicil a pháirceáil gan srian ama in ionad pá-pháirceála ar an tsráid lena mbaineann an cead páirceála cúramóra.

**Cead Páirceála Cúramóra bailí a thaispeáint**

**29.** Taispeánfar cead páirceála cúramóra bailí taobh istigh den fheithicil lenar eisíodh é, ar bhealach a chiallaíonn gur féidir na sonraí atá sonraithe ar an gcead sin a léamh go héasca ó thaobh amuigh den fheithicil.

**Cead Páirceála Cúramóra a eisiúint**

**30.** (1) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cúramóra i ndáil le feithicil a pháirceáil in ionad pá-pháirceála ticéad íoc agus taispeáin i limistéar feidhme comhairle dá leithéid.

(2) Beidh cead páirceála cúramóra bailí le haghaidh tréimhse bliana ón dáta eisiúna.

(3) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cúramóra do chónaitheoir a dteastaíonn cúram uaidh/uaithi de réir fhodhlí 26 de na fodhlíthe seo agus a bhfuil cónaí

air/uirthi ag áitreabh atá lonnaithe in ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin. Eiseofar an cead páirceála cónaitheora i ndáil leis an tsráid ina bhfuil gnátháit chónaithe an duine a dteastaíonn cúram uaidh/uaithi agus le haon sráid chóngarach, de réir mar a bheidh.

(4) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cúramóra i ndáil le:

(a) gluaisteán,

(b) veain,

(c) feithicil paisinéirí (ina bhfuil cóiríocht le haghaidh nach bhfuil níos mó ná seachtar paisinéir seachas an tiománaí).

**Cur Isteach ar Chead Páirceála Cúramóra**

**31.** Sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte in ionad páirceála íoc agus taispeáin, ní chuirfidh duine isteach ar chead páirceála cúramóra atá á thaispeáint san fheithicil.

**Cead Páirceála Cúramóra a thabhairt ar ais agus a aistriú**

**32.** Sa chás, i rith na tréimhse lena mbaineann cead páirceála cúramóra, go bhfágann an cónaitheoir a bhfuil an cead eisithe dó/di an seoladh atá sonraithe, tabharfaidh sé/sí an cead ar ais don Chomhairle láithreach. Tá an Cead Páirceála Cúramóra neamh-inaistrithe.

**Cion**

**33.** (1) Glacfar le haon cheann díobh seo a leanas a bheith á dhéanamh ag cónaitheoir mar chion:

(a) Cead páirceála cúramóra a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile.

(b) Cealófar nó aistarraingeofar an Cead Páirceála Cúramóra mar thoradh ar mhí-úsáid Cead Páirceála Cúramóra.

(2) Is cion a bheidh ann cead páirceála cúramóra neamhbhailí a thaispeáint.

## CUID VII
## CEAD PÁIRCEÁLA DO CHUAIRTEOIRÍ

**Neamhfheidhmiú Fodhlíthe áirithe i ndáil le Ceadanna Páirceála Cuairteora**

**34.** Ní bheidh feidhm le Fodhlí 6 go 12 de na fodhlíthe seo i ndáil le feithicil a pháirceáil in ionad pá-pháirceála má tá cead páirceála cuairteora bailí á thaispeáint, san fheithicil, de réir Fhodhlí 38 de na fodhlíthe seo, nuair atá an fheithicil páirceáilte, a bhaineann leis an tsráid ina bhfuil

an t-ionad pá-pháirceála sin lonnaithe.

**Critéir cháilitheacha do Chead Páirceála Cuairteora**

35. Féadfaidh an Chomhairle cead páirceála cuairteora a eisiúint do theaghlach atá lonnaithe in ionad pá-pháirceála sa chás go bhfuil duine amháin nó níos mó atá níos sine ná 65 bliain d'aois ina c(h)ónaí sa teaghlach sin. Eiseofar cead páirceála cuairteora don duine ainmnithe i dteaghlach cáilithe faoi réir cruthúnas aoise a sholáthar.

**Sonraí Cead Páirceála Cuairteora**

36. Beidh na sonraí seo a leanas le fáil ar chead páirceála cuairteora:

(1) na focail Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge; agus

(2) an tsráid nó sráideanna, lena mbaineann sé; agus

(3) an dáta éaga; agus

(4) síniú Fostaí Údaraithe.

**Cead feithicil a pháirceáil ar a bhfuil Cead Páirceála Cuairteora á thaispeáint**

37. Ceadóidh taispeáint, de réir Fhodhlí 38 de na fodhlíthe seo, de chead páirceála cuairteora bailí i bhfeithicil atá páirceáilte in ionad pá-pháirceála, fad is atá cuairt á tabhairt ar chónaitheoir a bhfuil an cead páirceála cuairteora deonaithe dó/di, do chuairteoir a f(h)eithicil a pháirceáil le haghaidh tréimhse uasta d'uair go leith in ionad pá-pháirceála ar an tsráid lena mbaineann an cead páirceála cuairteora. Ní pháirceálfar feithicil ina bhfuil cead páirceála cuairteora bailí á thaispeáint a bhí páirceáil in ionad pá-pháirceála in ionad pá-pháirceála arís ar aon sráid lena mbaineann an cead páirceála cuairteora go dtí uair an chloig amháin ar a laghad i ndiaidh an uair dheireanach a d'fhág an fheithicil an t-ionad pá-pháirceála sin.

**Cead Páirceála Cuairteora bailí a thaispeáint**

38. Taispeánfar cead páirceála cuairteora bailí taobh istigh den fheithicil lenar eisíodh é, ar bhealach a chiallaíonn gur féidir na sonraí atá sonraithe ar an gcead sin a léamh go héasca ó thaobh amuigh den fheithicil.

**Cead Páirceála Cuairteora a eisiúint**

39.

(1) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cuairteora i ndáil le páirceáil feithicle in ionad pá-pháirceála i limistéar feidhme an údaráis áitiúil sin.

(2) Beidh ceadúnas páirceála cuairteora bailí le haghaidh tréimhse bliana ón dáta eisiúna.

(3) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cuairteora don duine ainmnithe i dteaghlach cáilithe atá lonnaithe in ionad pá-pháirceála de réir Fhodhlí 35 de na fodhlíthe seo. Eiseofar an cead páirceála

cuairteora i ndáil leis an tsráid ina bhfuil gnátháit chónaithe an duine cáilithe agus i ndáil le haon sráid chóngarach eile, de réir mar a bheidh.

(4) Eiseoidh an Chomhairle cead páirceála cuairteora i ndáil le:

(a) gluaisteán,
(b) veain,
(c) feithicil paisinéirí (ina bhfuil cóiríocht le haghaidh nach bhfuil níos mó ná seachtar paisinéir seachas an tiománaí).

**Cur Isteach ar Chead Páirceála Cuairteora**

**40.** Sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte in ionad páirceála íoc agus taispeáin, ní chuirfidh duine isteach ar chead cuairteora atá á thaispeáint san fheithicil.

**Cead Páirceála Cuairteora a thabhairt ar ais agus a aistriú**

**41.** Sa chás, i rith na tréimhse lena mbaineann cead páirceála cuairteora, go bhfágann an cónaitheoir a bhfuil an cead eisithe dó/di an seoladh atá sonraithe, tabharfaidh sé/sí an cead ar ais don Chomhairle láithreach. Tá Cead Páirceála Cuairteora neamh-inaistrithe.

**Cion**

**42.** (1) Glacfar le haon cheann díobh seo a leanas a bheith á dhéanamh ag cónaitheoir mar chion:

(a) Cead páirceála cuairteora a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile.

(b) Cealófar nó aistarraingeofar an Cead Páirceála Cuairteora mar thoradh ar mhí-úsáid Cead Páirceála Cuairteora.

(2) Is cion a bheidh ann cead páirceála Cuairteora neamhbhailí a thaispeáint.

## CUID VIII
## ILGHNÉITHEACH

**Cuas páirceála do dhaoine faoi mhíchumas**

**43.** Ní stopfaidh ná ní pháirceálfaidh duine, nó ní bheidh sé/sí ina c(h)úis lena leithéid d'fheithicil a stopadh nó a pháirceáil i gcuas páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, gan cead páirceála bailí do dhuine faoi mhíchumas a bheith ar taispeáint a eisíodh de bhua Airteagal 43 de Rialacháin 1997. Páirceálfar an fheithicil ar mhaithe le caoithiúlacht an duine ar eisíodh an cead dó/di. Ní pháirceálfar feithicil ar feadh tréimhse níos faide ná mar atá sonraithe ar an bpláta faisnéise, nó is feithicil choiscthe í.

**Ceadanna Eile**

**44.** Féadfaidh an Chomhairle, trí ordú feidhmiúcháin, ceadanna

páirceála sealadacha a bhunú chun críche agus le haghaidh cibé tréimhsí a d'fhéadfaí a shonrú san Ordú Feidhmiúcháin. Beidh an táille atá luaite leis na ceadanna sin leagtha amach san ordú feidhmiúcháin sin. Ní bheidh feidhm le Fodhlí 6 go 12 de na fodhlíthe seo i ndáil le feithicil atá páirceáilte in ionad pá-páirceála, má thaispeántar san fheithicil, nuair atá an fheithicil páirceáilte, cead páirceála bailí a bhaineann leis an tsráid in bhfuil an t-ionad páirceála ticéad íoc agus taispeáin sin nó an t-ionad dioscpháirceála lonnaithe.

**Iniúchadh Ceadanna**

**45.** 1. D'fhéadfadh maor tráchta fiafraigh den tiománaí nó duine atá i gceannas ar fheithicil, atá ag páirceáil in ionad pá-pháirceála, Cead a thaispeáint faoi fhodhlí 26, 35 agus 43 nó , chun cead a thabhairt don mhaor an cead a iniúchadh

2. Má tá Maor atá ag iniúchadh ceada faoi fho-alt (1) den tuairim -
   a. Nach bhfuil an cead i bhfeidhm a thuilleadh
   b. Nach bhfuil feidhm ag an gcead maidir leis na cúinsí nó leis an bhfeithicil ina bhfuil sé á úsáid,
   c. Nach bhfuil an duine atá ag úsáid an cheada i dteideal é a úsáid, nó
   d. Go ndearnadh an cead a athrú nó a bhrionnú, féadfaidh sé nó sí é a choinneáil.

**Neamhfheidhmiú fodhlíthe i ndáil le feithiclí áirithe**

**46.** Ní bheidh feidhm le Fodhlí 6 12 i ndáil le:

(1) Feithicil atá in úsáid i ndáil le bac ar thrácht a bhaint, comhartha tráchta a sholáthar, cothabháil, feabhsú nó atógáil bóthair phoiblí, soláthar, athrú nó deisiú príomhphíobáin draenála, píopa, cábla nó fearais chun seirbhís gáis, ola, uisce, leictreachais, teileafóin nó teilifíse a sholáthar;

(2) feithicil briogáide dóiteáin, otharchairr nó feithicil atá in úsáid ag comhalta den Gharda Síochána i gcomhlíonadh fheidhmeanna an chomhalta sin nó feithicil atá in úsáid ag fostaí nó gníomhaire údaraithe de chuid na Comhairle nó ag maor tráchta i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna sannta;

(3) feithicil, atá briste síos, i rith na tréimhse íosta atá riachtanach chun deisiúcháin a dhéanamh ionas gur féidir an fheithicil a bhogadh;

(4) feithicil ina bhfuil cead páirceála bailí do dhaoine faoi mhíchumas eisithe lena haghaidh de bhua Airteagal 43 de Rialacháin 1997, ar choinníoll go bhfuil an fheithicil sin páirceáilte ar mhaithe le caoithiúlacht an duine faoi mhíchumas ar deonaíodh an cead dó/di;

(5) feithicil ina bhfuil, (i) cead páirceála cónaitheora bailí, (ii) cead páirceála cúramóra bailí, (iii) cead páirceála cuairteora bailí á thaispeáint, agus atá eisithe de bhua na bhfodhlíthe seo;

(6) Feithicil chumhachtaithe dhá roth;

(7) Feithicil leictreach fad is atá sí á luchtú go gníomhach ag pointe luchtaithe ainmnithe.

**Leanúnachas Fodhlíthe agus Forálacha Idirthréimhseacha aisghairthe** **47.**

1. Ní bheidh tionchar ag aon rud i bhFodhlí 4 ar bhailíocht aon rud a rinneadh faoi fhodhlíthe a bhí bunaithe roimhe seo. Ní bheidh aon ghníomhartha déanta faoi Fhodhlíthe a bhí bunaithe roimhe seo nó aon rud eile déanta neamhbhailithe mar thoradh ar aon aisghairm de na Fodhlíthe sin ach, má tá siad i bhfeidhm díreach sular tugadh feidhm don aisghairm sin, beidh feidhm leo fós amhail is go ndearnadh nó go raibh siad déanta faoi na Fodhlíthe a bhí ann roimhe sin mura bhforáiltear a mhalairt;

2. Ní bheidh tionchar ag ionadú na bhFodhlíthe seo le haghaidh na bhFodhlíthe a bhí ann roimhe sin ar nithe a bhaineann le leanúnachas oibriú an dlí le haghaidh na bhFodhlíthe aisghairthe a bhí ann roimhe sin agus

   (a) a mhéid is a dtagraíonn aon Fhodhlí, acht nó doiciméad eile dó, cibé acu go sainráite nó go hintuigthe, do, nó rudaí déanta nó a nglactar leo atá le déanamh faoi nó chun críche, aon fhoráil de na Fodhlíthe seo, glactar le, agus a mhéad is a gceadaíonn bunús ábhair aon Fhodhlí, achta nó doiciméid eile, lena n-áirítear, i ndáil leis na hamanna, blianta nó tréimhsí, cúinsí nó críocha i ndáil le haisghairm imthosca nó críoch i ndáil le héifeacht a bheith nó a bhí ag an bhforáil chomhfhreagrach sna Fodhlíthe cúlghairthe a bhí ann roimhe seo, tagairt do, nó, de réir mar a bheidh, rudaí déanta nó atá le déanamh faoi nó chun críche, na forála comhfhreagraí sin;
   (b) a mhéid is a dtagraíonn aon Fho-dhlí, acht nó doiciméad eile dó (cibé acu aisghairthe, rite nó déanta i ndiaidh thosach na bhFodhlíthe seo), cibé acu go sainráite nó go hintuigthe, do, nó rudaí déanta nó a nglactar leo atá le déanamh faoi nó chun críche, aon fhoráil de na Fo-dhlíthe seo, glactar le, agus a mhéad is a gceadaíonn bunús ábhair aon Fho-dhlí, achta nó doiciméid eile, lena n-áirítear, i ndáil leis na hamanna,

blianta nó tréimhsí, imthosca nó críocha i ndáil le haisghairm cúinsí nó críoch i ndáil le héifeacht a bheith nó a bhí ag an bhforáil chomhfhreagrach sna Fo-dhlíthe cúlghairthe a bhí ann roimhe seo, tagairt do, nó, de réir mar a bheidh, rudaí déanta nó atá le déanamh faoi nó chun críche, na forála comhfhreagraí sin.

## SCEIDEAL 1
## SUÍOMHANNA PÁIRCEÁLA, TÁILLÍ AGUS UASTRÉIMHSÍ PÁIRCEÁLA

**Dún Garbhán**

| Suíomh | Táille |
|---|---|
| Boreenatra | E |
| An Tóchar | B |
| Carrchlós an Tóchair | C |
| Church Street | A |
| Connolly Row | A |
| Cross Bridge Street | A |
| Davitt's Quay | A |
| Sráid Emmet | A |
| Carrchlós Glanbia | B |
| Grattan Square | A |
| Keating Street | A |
| Mitchell Street | A |
| Mountain Villas | A |
| New Chapel Street | A |
| New Chapel Street ón acomhal le Boreenatra ó dheas go Ringnasillogue Avenue de réir na comharthaíochta páirceála atá i bhfeidhm. | E |
| O'Connell Street | A |
| Ardán na Páirce/Sráid Jacknell | A |
| Sráid Parnell | A |
| Rice's Street ón gcúinne le Mitchell St. go point 30m ó dheas den phointe sin | A |
| Ringnasilloge Avenue | E |
| St Augustine Street | A |
| St Marys Street | A |
| St Patricks Street | A |
| Carrchlós Scanlon's Yard | C |
| South Terrace | A |
| The Lookout (L3122) | E |
| Sráid Thomáis Proinsias Uí Mheachair | A |
| Carrchlós Thompson's Lane | B |
| An tArdán Thiar | A |

## SCEIDEAL 2
## TÁILLÍ TICÉAD PÁIRCEÁLA

| Táille | Táille Páirceála Iomchuí | Uaireanta Oibre | Uastréimhse Páirceála |
|---|---|---|---|
| A | €1.10 san uair (an chéad 30 nóiméad saor in aisce) | 09:00 - 17:00 Luan go Satharn | Uair go leith |
| B | €1.10 san uair (an chéad 30 nóiméad saor in aisce) | 09:00 - 17:00 Luan go Satharn | Níl aon uastréimhse páirceála |
| C | €1.10 san uair (an chéad 90 nóiméad saor in aisce), uasmhéid de €3.30 in aghaidh an lae. Ní cheadaítear ach tréimhse 90 nóiméad saor in aisce amháin in aghaidh an lae in aghaidh na feithicle. | 09:00- 17:00 Luan go Satharn | Níl aon uastréimhse páirceála |
| D | Saor in aisce | 09:00 - 17:00 Luan go Satharn | 2 Uair an Chloig |
| E | Saor in aisce | Luan go Domhnach gach lá. Ní cheadaítear tithe soghluaiste, mótarcharbháin nó veaineanna campála a pháirceáil thar oíche idir 22:00 go 08:00. | Níl aon uastréimhse páirceála |
| G | €10.00 le haghaidh 24 uair an chloig | Luan go Domhnach gach lá. | 48 Uair an Chloig |

## SCEIDEAL 3
## TÁILLÍ CEADA

| AN CINEÁL PÁIRCEÁLA | TÁILLE PÁIRCEÁLA |
|---|---|
| Cead Páirceála Cónaitheora | €15.00 sa bhliain |
| Cead Páirceála Cónaitheora Macasamhla | €50.00 |
| Atheisiúint aon cheada mar gheall ar athrú seolta | €5.00 |
| Atheisiúint aon Cheada Páirceála Cónaitheora mar gheall ar athrú feithicle | €5.00 |

**Arna ndéanamh agus arna nglacadh faoi Chomhshéala Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge**

**an 17ú lá seo d'Iúil, 2023.**

**I láthair nuair a greamaíodh Comhshéala Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge de seo:**

**An Méara**

**Stiúrthóir Seirbhísí**
**Bóithre, Uisce & Comhshaol**